

“Clár oibre, le do thoil” Ag freastal ar chruinniú



Tuiscint & forbairt foclóra

Focail agus frásaí a bhaineann le cruinnithe



Feasacht teanga

Fuaim ‘f’ agus ‘fh’



Scileanna cumarsáide

Ag freastal ar chruinniú

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír fise, más gá, chun cabhrú leat na bearnaí sa chomhrá a líonadh.

cumasach/cumasacha
ó chroí/ó cheann

clár/gclár
báire/barra

gar/gearr
dóibh/daoibh

rún/rúin
glan/salach

Caitriona: Tá an t--am ag imeacht. Meas tú, ar cheart dúinn tosnú?

Micheál: Tabharfaimid nóiméad nó dhó eile di, is dóigh. Ó, an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas mé? Ach, tabharfaidh mé amach iad seo _____. Anois, a Caitriona.

Caitriona: Tá sé deacair daoine _____ a fháil, ceart go leor.

Annette: Gabh mo leithscéal, bhí mé sa raidió. Níor thuig mé gur anseo a bhí sibh.

Micheál: Ó, tá tú togha.

Annette: Clár oibre, le do thoil.

Micheál: Ó, mo leithscéal. Bhí dearmad _____ déanta agam ort. Seo anois.

Micheál: Tabharfaimid aghaidh ar an _____ oibre anois agus i dtús _____, ba mhaith liom buíochas _____ a ghlacadh libh ar fad as ucht a theacht isteach anocht, leis na nithe atá air seo a phlé. Agus, go deimhin, ní bhfuair sibh mórán fógra.

Micheál: Íslíú céime ar feadh achar _____. Sin atá molta.

Caitriona: Caithfidh sé dul chun vóta.

Micheál: Tá go maith. Chuile dhuine anseo atá i bhfabhar an _____, cuirigí suas bhur lámh.

Caitriona: Beirt i bhfabhar agus beirt i m'aghaidh.

2. An focal ‘cumasach’

An bhfuil focal ar bith eile agat ar an bhfocal ‘cumasach’, sa chiall *competent* an Bhéarla?

3. An frása ‘tá tú togha’

Tá an frása ‘tá tú togha’ an-choitianta i gConamara. An bhfuil aon fhrása eile agatsa a chiallaíonn an rud céanna?

4. ‘as ucht’ vs ‘ucht’

Bí ag obair leis an duine in aice leat. Téigí go dtí www.teanglann.ie, cuardaí gí an focal ‘ucht’ ar an suíomh agus freagraí gí na ceisteanna seo:

| | |
|----------------------------------------------------------------------------------|--|
| a) Cad is brí le ‘ucht’? Tá cúpla sainmhíniú ann. | |
| b) Cad is brí le ‘as ucht’ sa chomhthéacs ina n-úsáideann Micheál é san fhíseán? | |

B: FEASACHT TEANGA

An 'f' san aimsir fháistineach, sa mhodh coinníollach agus an fhuaim 'fh' (dul siar)

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna.

1. Conas a fhuaimnítear an 'f' i ndeirí na mbriathra sa chéad réimniú, aimsir fháistineach? Féachaigí siar ar an bhfíseán a théann leis an mbileog seo, más gá. Féachaigí ar na frásaí seo a bhaineann le plean gnímh a shocrú ag deireadh cruinnithe. Léigí amach os ard iad. Bígí cúramach na *f*-anna ar fad a fhuaimniú mar is cuí.

Déanfaidh mise sin.

Tabharfaidh tusa aghaidh ar an tasc sin.

Scríobhfaidh Aoife na miontuairiscí.

Casfaimid le chéile arís i gceann seachtaine.

Leanfar ar aghaidh leis an obair idir an dá linn.

2. Conas a fhuaimnítear an 'f' i ndeirí na mbriathra sa chéad réimniú, modh coinníollach, dar libh? Féachaigí ar na frásaí thíos a chloisfeá i gcomhthéacs cruinnithe. Léigí amach os ard iad. Bígí cúramach na *f*-anna ar fad a fhuaimniú mar is cuí.

D'fhéadfaimis cruinniú eile a eagrú.

D'fhéadfaí sin a rá, ach, ní dóigh liom go ndéanfadh sé aon difríocht.

Mholfaínn glaoch a chur uirthi.

An dtabharfá amach clár an chruinnithe, le do thoil?

Thabharfadh sé deis dúinn airgead a chur i leataobh.

3. Conas a fhuaimnítear 'fh'? Féachaigí siar ar cheacht 5 den tsraith seo, mura bhfuil sibh cinnte. Féachaigí ar na frásaí thíos a chloisfeá i gcomhthéacs cruinnithe. Léigí amach os ard iad. Bígí cúramach na *f*-anna ar fad a fhuaimniú mar is cuí.

Ní fheicimse aon fhadhb leis sin.

Ar fhág tú teachtaireacht don Fheisire?

A Fhionnuala, ar mhiste leat ...?

Tá obair fhiúntach ar bun againn.

Tiocfaidh an fhoireann le chéile arís i gceann coicíse.

5. Léigi na véarsaí thíos os ard den amhrán *Tiocfaidh an Samhradh*, agus bígí cúramach na *f*-anna ar fad a fhuaimniú mar is cuí. Éistigí ansin leis na véarsaí [anseo](#).

a) An ‘f’ san aimsir fháistineach

Tiocfaidh an samhradh agus fásfaidh an féar
tiocfaidh an duilliúr glas ar bharr na gcaobh
tiocfaidh mo rúnsearc le bánú an lae
agus buailfidh sí tiúin suas le cumhaidh i mo dhiaidh.

b) An ‘f’ sa mhodh coinníollach

Is óg ‘s is óg a chuir mé dúil i ngreann
dhéanfainn súgradh le mo rún ar faill
níl baile cuain ar bith a ngluaisfinn ann
nach bhfaighinn maighdean óg dheas a shiúlfadh liom.

c) An fhuaim ‘fh’

Spleoid ar an fharraige mar is í atá mór
is í atá a’ gabhail idir mé is mo mhíle stór
d’fhág sí ar an bhaile seo mé ag déanamh bróin
is gan aon tsúil chasta agam a choíche níos mó.

C: CUMARSÁID

Rólghníomhaíocht – Ag freastal ar chruinniú

Scenario

Beidh sibh ag obair i ngrúpaí ar ball. Caithfidh sibh ócáid a eagrú chun airgead a bhailiú. Beidh cruinniú agaibh chun an ócáid sin a eagrú. Beidh ceathrar agaibh sa chruinniú: cathaoirleach, comhordaitheoir ócáide, rúnaí agus oifigeach margaíochta.

Tabhair faoi na tascanna seo a leanas:

I ngrúpaí de cheathrar

1. Roghnaígh an ócáid a eagróidh sibh ón liosta thíos:

ceolchoirm, díolachán cistí, comórtas bÁCála,
damhsatón, seó tallainne, oíche scannáin, paráid
peataí tí, seó faisin, aonach leabhar



2. Glacai gh ról: cathaoirleach, comhordaitheoir ócáide, rúnaí agus oifigeach margaíochta.

Na ról

3. Bíodh cruinniú gearr agaibh leis na daoine ó na grúpaí eile a bhfuil an ról céanna acu is atá agaibh féin. Déanaigh plé ar na frásaí a úsáidfidh sibh sa chruinniú ar ball. Féachaigh ar an mbileog 'Teanga an chruinnithe', a thabharfaidh an múinteoir daoibh.

I ngrúpaí arís

4. Beidh an cruinniú agaibh anois chun an ócáid a eagrú.

Scríobh

5. Cuirigh bileog eolais le chéile chun margaíocht a dhéanamh ar an ócáid.

FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

6. Líon na bearnaí

Féach:

Caitriona: Tá an t--am ag imeacht. Meas tú, ar cheart dúinn tosú?

Micheál: Tabharfaimid nóiméad nó dhó eile di, is dóigh. Ó, an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas mé? Ach, tabharfaidh mé amach iad seo **daoibh**. Anois, a Chaitriona.

Caitriona: Tá sé deacair daoine **cumasacha** a fháil, ceart go leor.

Annette: Gabh mo leithscéal, bhí mé sa raidió. Níor thuig mé gur anseo a bhí sibh.

Micheál: Ó, tá tú togha.

Annette: Clár oibre, le do thoil.

Micheál: Ó, mo leithscéal. Bhí dearmad **glan** déanta agam ort. Seo anois.

Micheál: Tabharfaimid aghaidh ar an **gclár** oibre anois agus i dtús **báire**, ba mhaith liom buíochas **ó chroí** a ghlacadh libh ar fad as ucht a theacht isteach anocht, leis na nithe atá air seo a phlé. Agus, go deimhin, ní bhfuair sibh mórán fógra.

Micheál: Ísliú céime ar feadh achar **gearr**. Sin atá molta.

Caitriona: Caithfidh sé dul chun vóta.

Micheál: Tá go maith. Chuile dhuine anseo atá i bhfabhar an **rúin**, cuirigí suas bhur lámh.

Caitriona: Beirt i bhfabhar agus beirt i m'aghaidh.

7. Focail eile ar 'chumasach': ábalta/inniúil/éirimíúil.

8. Frásaí eile ar 'tá tú togha': tá tú ceart go leor / tá tú go breá / tá tú i gceart.

9. 'as ucht' vs 'ucht'

a) Seo na sainmhínte is coitianta:

ucht, *m.* (*gs.* ~a, *pl.* ~anna). **1.** Chest; breast, bosom. (a)~ **clárach**, **cúng**, **leathan**, **fionnaitheach**, flat, narrow, broad, hairy, chest. **Chuir sé ~ air féin**, he threw out his chest. ~ **le h~**, breast to breast, facing each other. **Throid siad ~ le h~**, they fought at close quarters. **Rud a iompar idir d'~ is d'ascaillí**, to carry sth. slung across one's chest. **Theann sí an leanbh lena h~**, she pressed the child to her bosom. **A bhean ~a**, the wife of his bosom. **Bráthair m'~a**, my beloved brother. **Éide ~a**, chest-armour. **Lig sé a ~ ar bharr an bhalla**, he leaned over the top of the wall. *S.a.* CLÁR¹⁷, CNÁMH 1(a), MAC 1(a), SLEÁN, SNÁMH¹²(b).(b)~ **ainmhí**, **éin**, breast of animal, of bird. **2.** Lap. (a)**Suí in ~ duine**, to sit in s.o.'s lap. **Tóg an naíonán i d'~ tamall**, take the baby up on your lap for a while. *Chuir sé a cheann in ~ a mháthar*, he laid his head on his mother's lap. (b)**In ~ na cinniúna**, in the lap of the gods. **3.** (a) Breast, upper front. ~ **cnoic**, breast of hill. ~ **loinge**, front part of ship. ~ **coise**, upper part of instep. ~ **na rí**, the upper forearm. ~ **lúirí**, front part of cuirass. **Crochta ar ~ an aeir**, hanging in the upper air. **Sheas siad ar ~ an aird**, they stood on the slope of the hillock. (b)

b) As ucht:

learg seo romhainn, let us breast this slope ahead of us. **5. As ~**, for the sake of, on account of, on behalf of, in return for. **As ~ Dé leat agus lig dom**, for God's sake let me alone. **Maithim duit é as ~ do mháthar**, I forgive you for your mother's sake. **Go raibh maith agat as ~ do chineáltais**, thank you for your kindness. **As ~ a ghaoil linn**, on account of his kinship with us. **Tá sé tuillte aige as ~ a ndearna sé dúinn**,

B: FEASACHT TEANGA

An 'f' san aimsir fháistineach, sa mhodh coinníollach agus an fhuaim 'fh' (dul siar)

Ceist 1 – 3: Iarr ar gach beirt na habairtí a léamh amach os ard dá chéile ar dtús. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo le bheith cinnte go bhfuil na *f*-anna á bhfuaimniú mar is ceart acu. Léigh amach na habairtí ar fad don rang iomlán ansin, ag cur béim ar an bhfuaim atá ag an 'f' i ngach abairt. Seans láidir nach mbeidh an 'f' le cloisteáil i measc na bhfoghlaimeoirí in aimsir ar bith. Ach is amhlaidh a bhíonn an 'f' le cloisteáil sa dara pearsa uatha i gcanúintí na Mumhan, mar shampla: Cad a déarfá leis sin? An ndéanfá gar dom?

Ceist 4: Iarr ar gach beirt na véarsaí ón amhrán a léamh amach os ard dá chéile ar dtús. Bí ag siúl timpeall ag éisteacht leo le bheith cinnte go bhfuil na *f*-anna á bhfuaimniú mar is ceart acu. Abair leo éisteacht leis na chéad trí véarsa sin den amhrán. Déanaigí plé le chéile ansin ar fhuaimniú gach 'f' san amhrán.

C: CUMARSÁID

Rólghníomhaíocht – Ag freastal ar chruinniú

Scenario

Mínigh an 'scenario' do na foghlaimeoirí. Abair: Beidh sibh ag obair i ngrúpaí ar ball chun ócáid tiomsaithe airgid (*fundraiser*) a eagrú. Beidh sibh ag déanamh rólghníomhaíocht ar an gcruinniú a bheidh agaibh chun an ócáid a eagrú. Beidh ceithre ról sa rólghníomhaíocht: cathaoirleach, comhordaitheoir ócáide, rúnaí agus oifigeach margáochta.

I ngrúpaí de cheathrar

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Iarr ar na grúpaí na ról a ghlacadh agus an ócáid a eagróidh siad a roghnú.

Na ról

Nuair a bheidh na ról tugtha i ngach grúpa, scaip na rólchártaí orthu chomh maith leis an bhileog 'Teanga an chruinnithe'. Abair leo cruinniú beag eile a bheith acu leis na daoine a bhfuil an ról céanna acu is atá acu féin. Beidh 4 ghrúpa sa rang ansin:

- Grúpa 1: gach cathaoirleach
- Grúpa 2: gach comhordaitheoir ócáide
- Grúpa 3: gach rúnaí
- Grúpa 4: gach oifigeach margaíochta

Tabhair timpeall 10 nóiméad dóibh sna grúpaí sin, chun an teanga a úsáidfidh siad ar ball sa chruinniú, a phlé.

I ngrúpaí arís

Abair leo ansin dul ar ais sa chéad ghrúpa ina raibh siad. Iarr orthu an cruinniú a bheith acu chun an ócáid a eagrú. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le linn na gníomhaíochta. Iarr ar ghrúpa amháin an cruinniú (nó cuid de) a bheith acu os comhair an ranga.

Scríobh

Caithfidh siad bileog eolais a chur le chéile. Is féidir leo é a dhéanamh mar obair bhaile, mura bhfuil go leor ama fágtha sa rang.

Rólghníomhaíochtaí eile

Má tá am fágtha agat ag deireadh an ranga is féidir leat rólghníomhaíocht eile a dhéanamh leis na foghlaimoirí. Tá cúpla *scenario* thíos agus bheadh na cinn seo níos scaoilte. Bheadh ceathrar sa ghrúpa agus duine amháin den cheathrar sin i ról an chathaoirligh:

Scenarios samplacha:

1. Is coiste pobail sibh agus tá an grúpa ag iarraidh féile na Samhna a eagrú don phobal. Tagaigí le chéile chun plan a dhéanamh. Tá an buiséad an-teoranta!
2. Is coiste scoile sibh agus caithfidh sibh bál dheireadh na bliana a eagrú. Tagaigí le chéile chun plan a dhéanamh agus dualgais a roinnt.
3. Tá tú ag obair san earnáil phoiblí agus fuair sibh gearán le déanaí ón gCoimisinéir Teanga, nach raibh seirbhísí cearta á gcur ar fáil do Ghaeilgeoirí. Tabhair an fhoireann le chéile chun an cheist a phlé agus chun plan gnímh a chur ar bun.
4. Is mic léinn ollscoile sibh agus tá sibh ag iarraidh mic léinn nua a earcú don chumann sléibhteoireachta. Tabhair an coiste le chéile agus déanaigí plan.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 13. Clár oibre, le do thoil – Ag freastal ar chruinniú.

Is beag duine a bhíonn ar bís le freastal ar chruinniú, ach is gné lárnach iad de shaol na hoibre, mar sin féin. Bíonn nathanna cainte agus réim theanga faoi leith ag baint le cruinnithe agus, sa cheacht seo, tá muid chun spotsolas a chaitheamh ar chuid den teanga sin. Féach, ar dtús, ar Mhicheál ag cur tús le cruinniú. Is léir ón atmaisféar, nach cruinniú éasca a bheidh ann.

An mhír físe ó Ros na Rún

- Caitriona: Tá an t-am ag imeacht. Meas tú, ar cheart dúinn tosnú?
- Micheál: Tabharfaimid nóiméad nó dhó eile di, is dóigh. Ó, an bhfuil a fhios agat céard a dhéanfas mé? Ach, tabharfaidh mé amach iad seo daoibh. Anois a Chaitriona.
- Caitriona: Tá sé deacair daoine cumasacha a fháil, ceart go leor.
- Annette: Gabh mo leithscéal, bhí mé sa raidió. Níor thuig mé gur anseo a bhí sibh.
- Micheál: Ó, tá tú togha.
- Annette: Clár oibre, le do thoil.
- Micheál: Ó, mo leithscéal. Bhí dearmad glan déanta agam ort. Seo anois.
- Micheál: Tabharfaimid aghaidh ar an gclár oibre anois agus i dtús báire, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh libh ar fad as ucht theacht isteach anocht, leis na nithe atá air seo a phlé. Agus, go deimhin, ní bhfuair sibh mórán fógra.
- Micheál: Ísliú céime ar feadh achar gearr. Sin atá molta.
- Caitriona: Caithfidh sé dul chun vóta.
- Micheál: Tá go maith. Chuile dhuine anseo atá i bhfabhar an rúin, cuirigí suas bhur lámh.
- Caitriona: Beirt i bhfabhar agus beirt i m'aghaidh.

Ar thuig tú?

- Meas tú? An gceapann tú?
- ‘A dheanfas’ a dúirt Micheál in áit ‘a dhéanfaidh’. Sin an fhoirm choibhneasta den bhriathar san aimsir fháistineach! Tá plé air sin i gCeacht 15 den tsraith seo.
- Daoine cumasacha – daoine ábalta, *capable people*.
- Tá tú togha – *you’re grand, you’re alright, don’t worry about it*.
- Clár oibre – *agenda*.
- Bhí dearmad glan déanta agam ort – *I had completely forgotten you*.
- Tabharfaimid aghaidh ar – *We’ll deal with*.
- Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh libh – *I would like to sincerely thank you*. Buíochas ó chroí – *heartfelt thanks*.
- As ucht teacht isteach – *for coming in*. Ní gá an focal sin ‘ucht’ a rá i ndáiríre, ach úsáidtear é go minic i gcomhthéacsanna foirmiúla.
- Go deimhin – *indeed*.
- Ísliú céime – *demotion* agus achar gearr – *a short time*.
- Dul chun vóta – *put to a vote*.
- i bhfabhar – *in favour*, in aghaidh – *against*.

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar an stór focal agus ar an ardréim theanga a úsáidtear go minic le linn cruinnithe.

Tús a chur le cruinniú

Bíonn sé tábhachtach fáilte a chur roimh dhaoine agus cruinniú á oscailt. Seo roinnt frásaí úsáideacha:

Ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh ar fad anseo inniu.
Tá mé buíoch díbh as a bheith páirteach sa chruinniú inniu.
Cuirimis muid féin in aithne ar dtús.

Clár an chruinnithe a phlé

Bíonn téarmaí faoi leith ag teastáil le clár an chruinnithe a phlé. An dtuigeann tú na cinn seo?

An bhfuil clár an chruinnithe agaibh ar fad?
An bhfuil sibh ar fad sásta leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach?
Tá roinnt nithe ag éirí as na miontuairiscí deireanacha ...

Topaicí a phlé agus a stiúradh

Bíonn straitéisí eile ann chun cruinniú a stiúradh. Féach:

Leanfaidh muid ar aghaidh go dtí an chéad mhír eile.
Ba mhaith liom pointe a ardú faoi ...
An féidir leat an pointe sin a fhorbairt?
Cad a cheapann sibh faoi seo?
Tiocfaidh muid ar ais chuige sin ar ball.

Ag aontú nó ag easaontú go béasach

Is minic a aontaíonn muid lenár gcomhghleacaithe, ar an dea-uair ...

Aontaím go hiomlán leis an bpointe atá déanta agat.

Is léir go bhfuil muid ar aon intinn faoi seo.

Corruair, áfach, ní bhíonn muid i gcónaí ar aon intinn faoi rudaí, ach caithfidh muid a bheith béasach mar sin féin.

I gcead duit, ní dóigh liom go bhfuil sé sin ceart.

Tuigim céard atá á rá agat, ach ...

Feicim cad é atá tú a mhaíomh, ach ...

Cinneadh a dhéanamh / Vóta a chaitheamh

Is minic freisin a bhíonn orainn cinneadh a dhéanamh:

Ní mór dúinn cinneadh a dhéanamh ar ...

An bhfuil muid ar fad ar aon intinn faoi seo?

Cuirfidh muid an cinneadh chun vóta.

Is féidir a bheith i gcoinne/in aghaidh an rúin.

Nó ar son/í bhfabhar an rúin.

Tarlaíonn sé freisin go gcaitheann duine éigin an vóta cinniúnach nó an vóta réitigh i gcruinniú, mar a rinne Annette sa mhír ó Ros na Rún.

Plean gnímh a chur le chéile

Agus ag deireadh an lae, bíonn plean gnímh ag teastáil:

Tá roinnt pointí gnímh ag eascairt as an méid a pléadh ...

Ar mhiste leatsa a bheith freagrach as x?

An mbeadh an t-am agatsa an cheist a fhiosrú?

An dóigh leat go bhféadfaí sin a chur i gcrích faoin Aoine?

Deireadh a chur le cruinniú

Agus chun deireadh a chur le cruinniú:

Míle buíochas as an obair fhiúntach a rinne sibh inniu.

Tá obair na gcapall / éacht oibre déanta agaibh.

Tiocfaidh muid le chéile arís i gceann ...

Beidh an chéad chruinniú eile ar an ...

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara an tslí ar fuaimníodh an 'f' san aimsir fháistineach, nuair a dúirt Micheál 'tabharfaidh'? Tá sé simplí, ní raibh aon 'f' ann! Cé go scríobhtar 'f' i ndeirí na mbriathra sa chéad réimniú, san aimsir fháistineach, ní fhuaimnítear an 'f' sin. Féachfaidh muid ar an líne sin arís.

Tabharfaimid nóiméad nó dhó eile di, is dóigh. Ó, an bhfuil a fhios agat cad a dhéanfas mé?
Ach, tabharfaidh mé amach iad seo daoibh.

Abair na briathra seo anois i mo dhiaidh:

Caithfidh

Feicfidh

Déanfaidh

Tógfaidh

Cuirfidh

Cuirfidh muid clabhsúr anois ar an cheacht. Feicfidh tú tuilleadh faoi ábhar an cheachta ar an bhileog a théann leis an fhíseán seo ar snas.ie.



Na Róil



Cathaoirleach

Caithfidh tú:

- tús agus deireadh a chur leis an gcruinniú.
- na daoine éagsúla a chur in aithne agus an cruinniú a stiúradh



Comhordaitheoir ócáide

Caithfidh tú:

- cur síos ginearálta a dhéanamh ar an ócáid
- smaointe agus tuairimí daoine a bhailiú



Rúnaí

Caithfidh tú:

- an plean gnímh a chur i gcrích
- an chéad chruinniú eile a eagrú



Oifigeach margaióchta

Caithfidh tú:

- smaointe agus tuairimí daoine a bhailiú faoin bhfeachtas margaióchta
- plean gnímh margaióchta a chur i gcrích

Teanga an chruinnithe

Tús a chur le chruinniú

Ba mhaith liom fáilte a chur romhaibh ar fad anseo inniu.
Tá mé buíoch díbh as a bheith páirteach sa chruinniú inniu.
Cuirimis muid féin in aithne ar dtús.

Clár an chruinnithe a phlé

Tabharfaidh mé amach an clár oibre.
An bhfuil clár an chruinnithe agaibh ar fad?
An bhfuil sibh ar fad sásta leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach?
Tá roinnt nithe ag éirí ó na miontuairiscí deireanacha ...

Topaicí a phlé agus a stiúradh

Leanfaimid ar aghaidh go dtí an chéad mhír eile.
Ba mhaith liom pointe a ardú faoi ...
An féidir leat an pointe sin a fhorbairt?
Cad a cheapann sibh faoi seo?
Tiocfaimid ar ais chuige sin ar ball.

Ag aontú nó ag easaontú go béasach

Aontaím go hiomlán leis an bpointe atá déanta agat.
Is léir go bhfuil muid ar aon intinn faoi seo.
I gcead duit, ní dóigh liom go bhfuil sé sin ceart.
Tuigim céard atá á rá agat, ach ...
Feicim cad é atá tú a mhaíomh, ach ...

Cinneadh a dhéanamh / Vóta a chaitheamh

Ní mór dúinn cinneadh a dhéanamh ar ...
An bhfuil muid ar fad ar aon intinn faoi seo?
Cuirfimid an cinneadh chun vóta.
i gcoinne/in aghaidh an rúin nó ar son/i bhfabhar an rúin.
vóta cinniúnach/vóta réitigh

Plean gnímh a chur le chéile

Tá roinnt pointí gnímh ag eascairt as an méid a pléadh ...
Ar mhiste leatsa a bheith freagrach as x?
An mbeadh an t-am agatsa an cheist a fhiosrú?
An dóigh leat go bhféadfaí sin a chur i gcrích faoin Aoine.

Deireadh a chur le cruinniú

Míle buíochas as an obair fhiúntach a rinne sibh inniu.
Tá obair na gcapall/éacht oibre déanta agaibh.
Tiocfaimid le chéile arís i gceann ...
Beidh an chéad chruinniú eile ar an ...

